Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**12456/21**
**ADD 1**

**ELARG 61**
**COWEB 113**
**DELACT 216**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Deireadh Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2021) 7016 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le cuspóirí sonracha áirithe agus tosaíochtaí téamacha áirithe a leagan amach le haghaidh cúnamh faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2021) 7016 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: C(2021) 7016 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.10.2021
C(2021) 7016 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann le*

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le cuspóirí sonracha áirithe agus tosaíochtaí téamacha áirithe a leagan amach le haghaidh cúnamh faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)**

**IARSCRÍBHINN**

Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha agus na tosaíochtaí téamacha le haghaidh cúnaimh, dá dtagraítear in Airteagal 3(6) agus a leagtar amach go sonrach in Airteagal 3(3), pointí (a) go (m) agus (r), agus in Airteagal 3(4), pointí (a) go (j), de Rialachán (AE) 2021/1529 (IPA III), a leagtar amach leis an Rialachán Tarmligthe seo:

**(1) Dea-fheidhmiú na n-institiúidí a bhunú agus a chur chun cinn go luath, ar institiúidí iad atá riachtanach chun an smacht reachta a áirithiú, agus institiúidí daonlathacha a chomhdhlúthú a thuilleadh**

a) Córais bhreithiúnacha atá neamhspleách, cuntasach, neamhchlaonta, gairmiúil, dípholaitithe agus éifeachtúil a bhunú, lena n-áirítear trí earcaíocht thrédhearcach atá bunaithe ar fhiúntas, córais mheastóireachta agus ardaithe céime agus nósanna imeachta éifeachtacha araíonachta i gcás éagóra, agus comhar breithiúnach a chur chun cinn; rochtain ar cheartas a áirithiú

b) Saoirsí bunúsacha a neartú, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse na meán, saoirse tionóil agus comhlachais agus cosaint sonraí;

c) Cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear neamh-idirdhealú agus comhionannas inscne, cearta leanaí, cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad;

d) An comhrac in aghaidh an éillithe a chur chun cinn agus a neartú;

e) Comhar agus malartú faisnéise i bhforfheidhmiú an dlí a chur chun cinn; uirlisí éifeachtacha a fhorbairt chun an choireacht eagraithe, an gháinneáil ar dhaoine, airm thine aindleathacha, mionairm agus airm éadroma, an gháinneáil ar dhrugaí, sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac; tacú le teagmháil leis an Aontas maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus an radacú a chosc.

**(2) Acmhainneachtaí a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta agus bainistiú teorann agus imirce a chomhdhlúthú a thuilleadh**

a) Faisnéis ábhartha a chomhroinnt;

b) Rochtain ar chosaint idirnáisiúnta a áirithiú, agus bainistiú tearmainn a neartú;

c) Acmhainneachtaí a neartú le haghaidh bainistiú teorann, agus i réimse an fhillte agus an ath-lánpháirtithe, agus iarrachtaí a neartú chun dul i ngleic leis an imirce neamhrialta, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh smuigleáil imirceach;

d) Aghaidh a thabhairt ar an easáitiú éigeantach.

**(3) Acmhainneachtaí cumarsáide straitéisí a fheabhsú, lena n-áirítear an pobal a chur ar an eolas faoi athchóirithe is gá a dhéanamh chun critéir bhallraíochta an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh**

a) Tacú le tuilleadh forbartha ar na meáin neamhspleácha agus iolraíocha agus ar litearthacht sna meáin;

b) Athléimneacht an stáit agus na sochaí a mhéadú i leith na bréagaisnéise agus cineálacha eile bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear fothú acmhainneachta i réimse na cibearshlándála.

**(4) Dea-rialachas a fheabhsú agus riaracháin phoiblí a athchóiriú i gcomhréir le prionsabail an riaracháin phoiblí;**

a) Creata athchóirithe riaracháin phoiblí a neartú, lena n-áirítear i réimse an tsoláthair phoiblí, pleanáil straitéiseach agus beartas cuimsitheach fianaise-bhunaithe agus forbairt reachtúil a fheabhsú;

b) Feabhas a dhéanamh maidir leis an tseirbhís phoiblí a dhéanamh níos gairmiúla agus a dhípholaitiú trí phrionsabail atá bunaithe ar fhiúntas a chothú;

c) Trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn, lena n-áirítear rochtain an phobail ar fhaisnéis;
d) Cáilíocht agus seachadadh seirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin leordhóthanacha agus r-Rialtas atá idir-inoibritheach agus dírithe ar shaoránaigh a úsáid;
e) Bainistíocht airgeadais phoiblí agus tairgeadh staitisticí ar ardchaighdeán a neartú.

**(5) Rialachas fioscach agus eacnamaíoch a neartú**

a) Tacú le cur chun feidhme na gclár athchóirithe eacnamaíoch agus le comhar sistéimeach le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta maidir le bunphrionsabail an bheartais eacnamaíoch agus institiúidí eacnamaíocha a neartú;
b) Feabhas a chur ar an acmhainneacht cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta a neartú;
c) Tacú le forbairt inbhuanaithe agus leis an dul chun cinn i dtreo geilleagar margaidh lánfheidhmeach;
d) Dul i dtreo Chómhargadh Réigiúnach na mBalcán Thiar.

**(6) Gach gné den dea-chaidreamh comharsanachta, den chobhsaíocht réigiúnach agus den chomhar frithpháirteach a neartú**

**(7) Acmhainneacht an Aontais agus a chuid comhpháirtithe a neartú chun coinbhleacht a chosc, an tsíocháin a chothú agus aghaidh a thabhairt ar chásanna géarchéime sula dtarlaíonn siad agus le linn na tréimhse ina ndiaidh**

a) Líonrú duine le duine, an t-athmhuintearas, bearta cothaithe síochána agus cothaithe muiníne, luathrabhadh agus anailís riosca atá íogair ó thaobh coinbhleachta de, tionscnaimh lena gcuirtear an t-athmhuintearas chun cinn, an ceartas idirthréimhseach, lorg na fírinne, cúiteamh agus ráthaíochtaí neamh-atarlaithe a chur chun cinn;
b) Tacú le fothú acmhainneachta chun tacú le gníomhaíochtaí slándála agus forbartha (CBSD).

**(8) Acmhainneachtaí, neamhspleáchas agus iolrachas eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú, lena n-áirítear comhlachais ghairmiúla**

a) Acmhainneacht, neamhspleáchas agus iolrachas eagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chumhachtú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear eagraíochtaí óige;
b) Eagraíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta a threisiú, lena n-áirítear comhlachais ghairmiúla;
c) Líonrú a spreagadh i measc eagraíochtaí atá lonnaithe san Aontas agus i measc eagraíochtaí na dtairbhithe ar gach leibhéal, le go mbeidís in ann a bheith páirteach in idirphlé éifeachtach le gníomhaithe poiblí agus príobháideacha.

**(9) Ailíniú rialacha, chaighdeáin, bheartais agus chleachtais na dtairbhithe le rialacha an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear rialacha maidir leis an státchabhair agus soláthar poiblí**

**(10) Comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn**

a) Timpeallacht chumasúcháin níos fearr a chruthú chun cearta na mban agus na gcailíní a bhaint amach;
b) Dul i ngleic le gach cineál foréigin, idirdhealaithe agus neamh-chomhionannais inscne-bhunaithe;
c) Rannpháirtíocht chomhionann na mban agus na gcailíní agus ceannaireacht chomhionann ag mná agus cailíní a chur chun cinn, lena n-áirítear i gceapadh beartas agus sa chinnteoireacht;
d) Buiséadú inscne a chur chun cinn.

**(11) Rochtain ar oideachas, ar oiliúint agus ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, agus a gcáilíocht sin, a neartú ar gach leibhéal, agus tacaíocht a thairiscint d'earnálacha cultúir agus cruthaitheacha agus don spórt**

a) Rochtain chothrom ar oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán, ar bhunscolaíocht agus ar scolaíocht dara leibhéil a chur chun cinn, soláthar bunscileanna a fheabhsú;
b) Leibhéil oideachais a mhéadú; dul i ngleic le himirce daoine oilte; luathfhágáil na scoile a laghdú; oiliúint múinteoirí a threisiú;
c) Córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a fhorbairt, agus córais foghlama obairbhunaithe a chur cinn chun an t-aistriú chuig an margadh saothair a éascú, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas;
d) Cáilíocht agus ábharthacht an ardoideachais agus an taighde a fheabhsú;
e) Gníomhaíochtaí a bhaineann le *alumni* a spreagadh;
f) Rochtain ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a fheabhsú, agus tacú le hinfheistíocht i mbonneagar an oideachais agus na hoiliúna inrochtana; go háirithe chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú agus chun oideachas neamhscartha cuimsitheach a chothú, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí digiteacha inrochtana a úsáid.
g) Comhar idir na hearnálacha cultúir, cruthaitheachta agus spóirt a fheabhsú.

**(12) Fostaíocht ar ardchaighdeán agus rochtain ar an margadh saothair a chothú**

a) Dul i ngleic le rátaí arda dífhostaíochta agus neamhghníomhaíochta trí thacú le lánpháirtiú inbhuanaithe sa mhargadh saothair, go háirithe i dtaca le daoine óga, mná, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus gach grúpa faoi ghannionadaíocht;
b) Fostaíocht d'ardchaighdeán a spreagadh agus tacú le forfheidhmiú éifeachtach rialacha agus caighdeáin saothair;
c) Tacú le comhionannas inscne agus leis an óige, infhostaitheacht agus táirgeacht a chur chun cinn, oibrithe agus fiontair a chur in oiriúint don athrú, idirphlé sóisialta inbhuanaithe a bhunú mar aon le hinstitiúidí mhargadh an tsaothair a nuachóiriú agus a neartú, amhail seirbhísí fostaíochta poiblí agus cigireachtaí saothair.

**(13) Cosaint agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus an bhochtaineacht a chomhrac.**

a) Córais chosanta sóisialta a nuachóiriú chun cosaint éifeachtach, éifeachtúil agus leordhóthanach a sholáthar ag gach céim de shaol an duine;
b) An t-aistriú ó chúram institiúideach go cúram sa teaghlach agus cúram pobalbhunaithe a chur chun cinn;
c) An cuimsiú sóisialta a chothú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar neamh-chomhionannais agus ar an mbochtaineacht;
d) Pobail imeallaithe, amhail na Romaigh, a lánpháirtiú;
e) Gach cineál idirdhealaithe a chomhrac;
f) Rochtain ar sheirbhísí inacmhainne inbhuanaithe ardcháilíochta a fheabhsú, amhail oideachas agus cúram luath-óige, tithíocht, cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta fíor-riachtanacha agus cúram fadtéarma, lena n-áirítear trí chórais chosanta sóisialta a nuachóiriú.

**(14) An comhshaol a chosaint agus cáilíocht an chomhshaoil a fheabhsú**

a) Aghaidh a thabhairt ar dhíghrádú comhshaoil agus stop a chur le cailliúint bithéagsúlachta;
b) Caomhnú agus bainistíocht inbhuanaithe éiceachórais talún agus muirí agus acmhainní nádúrtha a chur chun cinn;
c) Infheistíocht a dhéanamh i gcáilíocht an aeir, i mbainistiú uisce agus dramhaíola agus i mbainistiú inbhuanaithe ceimiceán;
d) Éifeachtúlacht acmhainne, tomhaltas agus táirgeacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus dul i ngleic le truailliú;
e) Tacú leis an aistriú chuig geilleagair ghlasa agus chiorclacha, cabhrú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú agus

rialachas agus faisnéis a chur chun cinn ar mhaithe le gníomhaíocht ar son na haeráide, agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn;

f) Beartais a chur chun cinn chun tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin a bheidh tíosach ar acmhainní, slán, agus inbhuanaithe, agus an athléimneacht ó thubaistí, chomh maith le cumas coiscthe, ullmhachta agus freagartha i ndáil le tubaistí a neartú.

**(15) Tosaíochtaí téamacha le haghaidh comhar trasteorann idir na tairbhithe IPA III**

a) An fhostaíocht a chur chun cinn mar aon le soghluaisteacht saothair agus cuimsiú sóisialta agus cultúrtha thar theorainneacha;
b) An comhshaol a chosaint agus oiriúnú don athrú aeráide, maolú an athraithe aeráide, agus cosc riosca agus bainistíocht riosca a chur chun cinn agus úsáid foinsí fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn;
c) Iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus bonneagair phoiblí a fheabhsú;
d) An geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach a chur chun cinn;
e) An turasóireacht, go háirithe an turasóireacht inbhuanaithe, a spreagadh, agus an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chaomhnú agus a chur chun cinn;
f) Infheistíocht a dhéanamh san aos óg, sa spórt, san oideachas agus i scileanna;
g) Rialachas áitiúil agus réigiúnach a chur chun cinn agus acmhainneacht phleanála agus riaracháin na n-údarás áitiúil agus na n-údarás réigiúnach a fheabhsú;
h) Tionscnaimh trasteorann a chur chun cinn chun an t-athmhuintearas agus an ceartas idirthréimhseach a chothú;
i) An t-iomaíochas, an timpeallacht ghnó agus forbairt fiontar beag agus meánmhéide, na trádála agus na hinfheistíochta a fheabhsú;
j) An taighde, an fhorbairt teicneolaíochta, an nuálaíocht agus teicneolaíochtaí digiteacha a neartú.